COMHAD FÍRICÍ:
CEOL
GCSE

Rewarding Learning

Traidisiúin Cheoil in Éirinn

Cuimsionn an modúl faoi Thraidisiúin Cheoil in Éirinn réimse de cheol tíre idir cheol uirlise agus cheol gutha a chluintear go háitiúil nó ar fud an domhain. Is doiligh ceol traidisiúnta na hÉireann a dhealú ó cheol na hUltaise nó is ón aon bhunús amháin iad agus tá réimse leathan den aon repertoire amháin acu araon. Is minice a sheinntear uirlisí mar an fhíf agus an phíb mhála i gceol na hUltaise ná i gceol traidisiúnta na hÉireann.

UIRLISÍ TRAIDISIÚNTA

TÉADUIRLISÍ

An Fhidil

An ionann an fhidil agus an veidhlín? Is ionann, ach is sa stíl cheoil a insítear dúinn cad é an lipéad ba cheart a úsáid. Más ceol tíre atá á sheinm ag an cheoltóir, tabharfaidh sé fidil ar an uirlis, mar shampla fidléireacht Bluegrass Mheiriceá. Más ceol Clasaiceach atá á sheinm ag an cheoltóir, tabharfaidh sé veidhlín air.

An Bainseó

Is uirlis ceithre théad an bainseó. Tá caol stiallógach air dálta an ghiotáir agus seinntear le figín é. De nádúr is uirlis ghlórach an bainseó. Tá fuaim dá chuid féin aige agus déantar séiseanna a mhaisiú le tripléid bhríomhara.

An Chláirseach

Is féidir leis an chláirseach an tséis agus cordaí a sheinm. Is minic a sheinneann sí patrún sioncóipithe tionlacain.

Fidléirí: Zoe Conway, Frankie Gavin, Tommy Peoples, Brid Harper, Aly Bain, Tara Breen, Donal O'Connor, Emma Smith, Diane McCullough, Keith Lyttle

Seinnteoirí Bainseó: Cathal Hayden, Enda Scahill, Gerry O'Connor, Barney McKenna, Sammy Lynch

Cláirseoirí: Derek Bell, Laoise Kelly, Kavan Donohoe, Sandra Kirk, Allie Robertson

GAOTHUIRLISÍ ADHMAID

An Fheadóg Mhór

An fhliúit thraidisiúnta adhmaid gan ghléas a dhéantar de ghnách as boscadhmad nó as rósadhmad Afracach. Is iad na hadhmaid sin a fhágann an dath dubh sainiuil ar an uirlis. Is uirlis séise an fheadóg mhór.

An Fhíf

Is i gceol na hUltaise is mó a úsáidtear an fhíf agus is minic a úsáidtear i mbannaí míleata nó i mbannaí máirseála í. Is cosúil a fuaim le fuaim an piccolo ach níl eochracha aici. Is minice a bhíonn an fhíf agus an druma le chéile i dtraidisiún máirseála na hUltaise ná i gceol traidisiúnta na hÉireann.

An Fheadóg Stáin

Tá fuaim chaol ghéar léi. Is ionann patrún na méar uirthi agus an patrún atá ar an fheadóg mhór agus seinntear an tséis uirthi.

Fliúiteadóirí: Harry Bradley, Matt Molloy, Micheal McGoldrick, June McCormack, An tOirmh. Gary Hastings, Banna Fliúiteadóirí Bhaile Mhic Gabhann

Fífeadóirí: Scad the Beggars, Ceolfhoireann Cheol Tíre na hUltaise, Session Beat

Seinnteoirí Feadóige: Mary Bergin, Geraldine Cotter, Paddy Maloney

FEAGUIRLISÍ

Eolas Cúlra Faoi Phíoba

Ag gach píb tá mála, seamsúr agus dosanna. Séidtear an t-aer isteach sa mhála leis an ghaothaire tríd an bhéal (píb mhála) nó séidtear an t-aer isteach sa mhála trí na boilg (píb mhála agus píb uilleann). Nuair a shéidtear aer isteach sa mhála bíonn fuaim leanúnach ag gach píb. Seinneann an seamsúr an tséis agus tá sé cosúil leis an óbó. Is píoba iad na dosanna atá déanta sa dóigh gur féidir leo tionlacan leanúnach aon nóta amháin a thabhairt.

Píoba Gharbhchríocha na hAlban

Is ina sheasamh a bhíonn duine agus é ag seinm Phíoba Gharbhchríocha na hAlban. Bíonn fuaim an-ard ag an phíb mhála agus de ghnáth seinntear faoin spéir í nó sna hionaid is mó atá ann. I bhfoireann píob bíonn mála, seamsúr agus dos amháin ar a laghad, a luíonn thar an ghualainn nó thar an sciathán.

An Phíb Uilleann

Is ina shuí a bhíonn duine agus é ag seinm píb uilleann. Meastar gurb í seo an uirlis thraidisiúnta is deacra a sheinm agus tá clú uirthi as a tondath séimh binn. Seinneann sí an tséis agus na cordaí. Cuir cluas le héisteacht ort féin nuair a chuireann an píobaire an seamsúr ar a ghlúin leis an fhuaim a dhruidim amach. Sin cuid de thondath sainiúil na huirlise.

An Bosca Ceoil

Is féidir an bosca ceoil a sheinm le cnaipí nó le heochracha pianó. Bíonn fuaim ard léi agus seinntear idir shéis agus chordaí uirthi.

An Consairtín

Is uirlis heicseagánach an consairtín, cnaipí aici leis an fhonn a sheinm, agus an dá lámh de dhíth ar an duine atá á sheinm. Tá fuaim níos caoile aici ná an bosca ceoil agus níl an fhuaim chomh saibhir.

Píobairí Uilleann: Willie Clancy, Cillian Vallely, Becky Taylor, Deb Quigley, John McSherry

Píobairí ar an Phíb Mhála: Bradley Parker, Margaret Dunn, Banna Píobairí Ravara, Ross Ainslie agus Jarlath Henderson (seinneann siad an phíb uilleann agus píb theorann na hAlban)

Seinnteoirí Bosca Ceoil: Sharon Shannon, Joe Burke, Phil Cunningham, The Grousebeaters

Seinnteoirí Consairtín: Mohsen Amini, Noel Hill, Cormac Begley, Caitlín Nic Gabhann

CNAGUIRLISÍ

An Bodhrán

Seinntear an bodhrán le bata adhmaid darb ainm 'tipper'. Úsáideann an ceoltóir an dá lámh; brúnn sé an lámh atá taobh istigh in éadan chraiceann an druma leis an teannas a athrú, agus cruthaíonn an lámh atá taobh amuigh an rithim leis an bhata. Ar an dá dhóigh sin athraítear tondath agus tuinairde na fuaime.

Druma Lann Bheag

Tá druma Lann Bheag ar na drumaí is callánaí sa domhan. Is callánaí é ná eitleán beag a bheadh ag éirí in airde. Tá an druma chomh trom sin go bhfuil úim muineáil de dhíth lena iompar agus buailtear í le cánaí atá mar a bheadh fuipeanna ann, ceann acu ar gach taobh den druma. Tá na patrúin rithimeacha a sheinntear ar an dá dhruma seo thar a bheith casta.

Seinnteoirí Bodhráin: Kevin Conneff, Mel Mercier, Eamonn Murray, John Joe Kelly
Drumadóirí Lann Bheag: Norman Beattie, Mark Wilson (Banna Píob Field Marshall Montgomery)

UIRLISÍ NEAMHTHRAIDISIÚNTA

TÉADUIRLISÍ

An Giotár

Seinntear cordaí giotáir le patrún strumála nó trí na sreanga a stoitheadh leis na méara. Is féidir leis an ghiotár an tséis a sheinm nó tionlacan cordaí a chur leis an tséis.

An Maindilín

Tá téada dúbailte uirthi, dhá théad do gach tuinairde, agus seinntear le figín é. Níl sé inchurtha le fuaim uirlisí eile agus is boige a fhuaim ná an bainseó ná an basúcaí.

An Basúcaí

Is uirlis de chuid na Gréige an basúcaí a glacadh isteach sa cheol thraidisiúnta. Seinntear idir thionlacan agus shéis uirthi. Seinntear le figín é agus tá fuaim ghéar mhiotalach léi.

http://www.irishtimes.com/blogs/ontherecord/files/paul-brady-and-andy-irvine-600x300.jpg

An tOlldord

Is ar na mallaibh a glacadh an t-olldord isteach sa cheol thraidisiúnta agus úsáidtear i dtionlacan é le cur leis an dord.

Giotáraithe: Steve Cooney, Dick Gaughan, Paul Brady, David Mulgrew
Seinnteoirí Mandailín: Marla Fibish
Seinnteoirí Basúcaí: Andy Irvine
Seinnteoirí Olldoird: Trevor Hutchinson (Lunasa)

UIRLISÍ MÉARCHLÁIR

Seinntear an tséis ar uirlisí méarchláir nó úsáidtear iad leis an tséis a thionlacan le cordaí. Tá raon leathan nótaí acu ach ní féidir sleamhnú idir nótaí mar a dhéantar le huirlisí traidisiúnta eile.

Pianó: Geraldline Cotter, Josephine Keegan, Caoimhín (Keeveen) Vallely, Ryan Molloy

UIRLISÍ EILE

B'fhéidir go gcluinfeá trácht ar uirlisí nach bhfuil chomh coitianta céanna: Drumaí, Djembe (Druma Afracach), Sreangdhruma, Uirlisí Ceolfhoirne mar an Dordveidhil, agus Uirlisí Eitneacha.

CINEÁLACHA DAMHSA TRAIDISIÚNTA

Cineál	Amchomhartha	Rithim	Luas	Eolas Cúlra	Sampla
Port – Dúbailte Singil Port Luascach	Tomhas Comhshuite 6 8 6 8 9 8	Rithim-na farraige	Gasta agus bríomhar	Is ón 18ú agus an 19ú céad a tháinig bunús na bport. Is as Éirinn agus Albain bunús na bport agus cuid acu as Sasana fosta.	'Píosa na ndeich bpingine' 'Chuir mé mo bhean agus dhamhsaigh ar a huaigh' 'Bris na fuinneoga' 'An Féileacán' ' An Sealgaire Sionnach' 'Port Soggy'
Ríl			Polca		Cornphíopa
Ríl	4 nó 2 4 2	Fite fuaite	Gasta agus snítheach. Is féidir í a sheinm go díreach, nó í a bheith luascach	Is as Albain ó thús é	'Bonnie Kate' 'Ríl Cooley' 'Ríl Frank'
Cornphíopa	4 4	Rithim phoncaithe. An-bhéim ar an 1ú agus an 3ú buille	Níos fadálaí ná ríl. Fágann sé spás le tuilleadh céimeanna damhsa níos casta	Is ó oibrithe mara Shasana a tháinig sé	'The harvest home' 'Cearta an Duine' 'Rí na Sióg'
Polca	2 4	Rithim bhríomhar	Ceol damhsa gasta bríomhar	As an Bhoihéim é (anois Poblacht na Seice) agus an-tóir air sa Pholainn go fóill. Seinntear cuid mhór sa Mhumhain é	'Britches full of stitches' 'Polca C'
Sraithspé	4 4	Rithim Lombardach. Nóta gairid roimh nóta poncaithe	Fonn damhsa níos fadálaí	As Albain í a thug oibrithe chun an bhaile leo go Dún na nGall sa 19ú céad	'Flaing Fhear Manach' 'Oráiste agus Gorm'

Cineál	Amchomhartha	Rithim	Luas	Eolas Cúlra	Sampla
Máirseáil	Is féidir í a scríobh in amchomharthaí éagsúla	Rithim rialta	Bíonn luasanna éagsúla le máirseálacha	Tús Míleata	'Máirseáil an Chéid' 'Máirseáil an Tiarna Mhaigh Eo' 'Cath Eachroma' 'The Suffering Ducks'
Válsa	3 4	Láidir-lag-lag	Bíonn luasanna éagsúla le valsaí	Thosaigh sé mar dhamhsa tíre san Ostair	'Maguire agus Patterson's 'The Marino Waltz'
Fonn Mall	Am saor	Gan rithim ar leith	Fadálach	Is minic a thagann an leagan uirlise ó amhrán	'An Chúilfhionn' 'Ardai Cuain'

CEOL GUTHA

Sean-Nós: Stíl d'amhránaíocht thraidisiúnta na hÉireann atá an-mhaisithe. Ceoltar sa Ghaeilge é.

Amhráin Phobail: Bailéid: ceoltar sa Bhéarla iad de ghnáth agus bíonn tionlacan giotáir leo, téamaí a bhaineann le grá, cailleadh, imirce agus ceantair éagsúla. Is féidir uirlisí eile a úsáid fosta. In amanna le hamhráin phobail na hUltaise bíonn filíocht Robbie Burns nó na focail ó chaint áitiúil na hUltaise.

Amhránaithe agus Grúpaí: The Little Family, Malinky, Peatbog Fairies, Runrig, Dougie McLean, Delores Keane, Pauline Scanlon, Maura O'Connell, Mary Black, Sinead O'Connor, Cara Dillon, Willie Drennan, Len Graham

Sean-Nós: Brid Ní Mhaoilchiaráin, Liam Ó'Maonlaí (Hot House Flowers), Lasairfhíona Ní Chonaola

TRÉITHE TÁBHACHTACHA DEN CHEOL

An traidisiún cluaise: Caomhnaíodh foinn agus amhráin i gcuimhne na gceoltóirí agus cuireadh ar aghaidh iad 'ón chluas'. Déantar foinn a theagasc fosta 'de réir na cluaise' in áit trí léamh an cheoil. Déantar foinn a fhoghlaim de ghlanmheabhair.

Seisiún: Cruinniú sóisialta de cheoltóirí agus d'amhránaithe a sheinneann ceol nó a cheolann amhráin i suíomh neamhfhoirmeálta.

Athdhéanamh: Is minic a sheinntear frásaí séise arís. Is gné é athsheinm séise i ngach stíl cheoil agus cuidíonn sí leis an éisteoir cuimhneamh ar an tséis.

Foirm Dhénártha: – AABB. I bhformhór na bhfonn bíonn frásaí 2 x 8-mbarra, a athsheinntear de ghnáth. De ghnáth bíonn tuinairde níos airde ag an dara cuid nó 'páirt', páirt B, ná páirt A. Déantar an fonn iomlán a sheinm an dara huair nó an tríú huair.

Ornáidíocht

Ornáidíocht an téarma ginearálta atá ar theicníocí a bhaineann le foinn a mhaisiú. I measc na dteicníocí seo tá an rollán, an méarbhuille, an gearradh, an cran agus an trírín. Ní mar an gcéanna a sheinnfidh ceoltóir nó a cheolfaidh amhránaí port ó véarsa go véarsa nó ó ócáid go hócáid.

- Gearradh: cosúil le nóta maise, i.e. nóta gasta breise a sheinntear os cionn an phríomhnóta.
- Méarbhuille: malairt ar ghearradh i.e. tá an nóta maise breise níos ísle.
- Rollán: déantar 5 chuid de nóta (EGEDE) le níos mó béime ar an chéad nóta.
- Trírín: seinntear 3 nóta in am buille amháin.
- Sleamhnán: nuair a shleamhnaíonn an seinnteoir idir nótaí, (Fidil, Feadóg Stáin, Feadóg Mhór) go háirithe le foinn mhalla.
- Stopadh dúbailte: dhá nóta a sheinntear ag aon am amháin, ar an fhidil is téad oscailte de ghnáth an nóta íochtair. Is minic a bhaineann seinnteoirí bosca ceoil agus seinnteoirí consairtín an teicníc chéanna.
- Breachnú: prionsabal lena ndéanann seinnteoirí athrú i bhfoinn gach uair a sheinneann siad iad. I mbreachnú rithimeach déantar athrú sa rithim. I mbreachnú séise nó eatramhach déantar athrú ar thuinairde an fhoinn.
- Cran: ornáid a bhaineann le píobaireacht. Ar d íseal, ní féidir rollán a sheinm mar nach bhfuil nóta níos ísle ann. Mar sin de úsáideann an píobaire roinnt mhaith nótaí thar an phríomhnóta le haithris a dhéanamh ar rollán. Déantar a, g, agus f# a mhalartú leis an phríomhnóta d.
- Dúbailtí: ornáidiú leis an phíb mhála nuair a sheinntear nóta arís ar mhaithe le béim.
- Birl: ornáidíocht ar an phíb mhála nuair a bhuailtear an mhéar ar an G íseal, agus déantar í a tharraingt trasna mar a bheifí ag sleamhnú, le dhá thondath éagsúla a thabhairt.

Saor–Rithim in Amhráin agus i bhFoinn Mhalla: Mar gheall ar an tsaoirse léirithe atá le hamhráin agus foinn mhalla, tá sé an-deacair iad a nótáil. Go minic seinneann an ceoltóir leis féin iad. Nuair a bhíonn tionlacan leo, leanann sé an t-aonréadaí.

An Nóta Deireanach Athsheinnte: Déantar an nóta deireanach ag deireadh an fhoinn damhsa a sheinm arís go minic.

Monafónach: Léirithe aonair, go háirithe ar fhoinn aonair agus amhráin.

Dinimic: Is beag codarsnacht dinimice a bhíonn ann nuair a sheinntear foinn damhsa. Baineann an fhuaim le líon na n-uirlisí atáthar a sheinm.

Gléasanna Modúla: Scríobhtar cuid mhór fonn i móid agus tugann sin fuaim don cheol atá cosúil le ceol tíre. Is grúpáil mhalartach de nótaí iad móid agus déantar cineál de scála leo fosta.

TRÉITHE NEAMHTHRAIDISIÚNTA DEN CHEOL

Armóin: Sa traidisiún seinntear foinn d'aonbhuille cé gur cuireadh armóiní agus cuntra-armóiní leo i mórán de thaifeadtaí na linne seo.

Tionlacan: De ghnáth déantar tionlacan le cordaí nó bíonn sé bunaithe ar airpéitsí.

Athdhéanamh: Is minic a sheinntear frásaí séise arís. Is gné é athsheinm séise i ngach stíl cheoil agus cuidíonn sí leis an éisteoir cuimhneamh ar an tséis.

Ceol Nótáilte: Is minic a úsáidtear ceol nótáilte i mbannaí fliúiteanna agus nuair a chuirtear fórsaí ceolfhoirne leo.

Rithimí sioncóipithe: Go minic cuireann an pianó agus an chláirseach sioncóipiú lena dtionlacain.

Foirm Dhénártha: – AABB. I bhformhór na bhfonn bíonn frásaí 2 x 8-mbarra, a athsheinntear de ghnáth. De ghnáth bíonn tuinairde níos airde ag an dara cuid nó 'páirt', páirt B, ná páirt A. Déantar an fonn iomlán a sheinm an dara huair nó an tríú huair.

CUMASC STÍLEANNA

Le 50 bliain, tháinig borradh agus fás ar an tóir ar stíleanna a mheascadh. De bharr an dul chun cinn atá déanta i dtaifeadadh, iompar agus teicneolaíocht is féidir ceol a chluinstin as gach cearn den domhan. Seo roinnt samplaí de ghrúpaí iontacha cumaisc ar féidir leat éisteacht leo.

Cumasc Traidisiúnta agus Ceolfhoirne

Micheal Ó Súilleabháin – úsáideann sé ceolfhoireann, cláirseach, fidil, cruitchlár, bodhrán ina albam "Idir Eatarthu"... In **Riverdance le Bill Whelan** déantar cumasc d'fhórsaí traidisiúnta agus ceolfhoirne síos tríd. **Moxie** – cuirtear uirlisí ceolfhoirne agus traidisiúnta le chéile in 'Planted'.

Cumasc de Cheol Traidisiúnta agus Ceol Tíre

Rinne **Planxty** agus na **Taoisigh** cumasc le ceol tíre nua-aimseartha agus ceol as tíortha eile. Nascann **The Low Country Boys** ceol na hUltaise le ceol Buegrass. Nascann **India Alba** stíl cheoil na hIndia le stíl na hAlban le fuaim úr a chruthú. Déanann **The Outside Track** cumasc de cheol Cheanada/na hÉireann/na hAlban i stíl nua-aimseartha tíre.

Cumasc Traidisiúnta agus Rac/Punc

Meascann **Thin Lizzy** ("Whiskey in the Jar") traidisiúnta le Rac. Cuireann **Ross Ainslie** agus **Jarlath Henderson** Píoba Teorann na hAlban agus Píoba Uilleann le chéile le dul i ngleic le Thunderstruck AC/DC. Déanann **The Red Hot Chilli Pipers** cumasc d'fhoinn phíbe agus stíleanna nua-aimseartha rac. Meascann **Lau** ceol traidisiúnta le leictreonaice, leictreo, ceol tíre, seánraí rac is roll, go háirithe san albam is úire acu "The Bell That Never Rang".

Cumasc Traidisiúnta agus Ceol Afracach

Thug **The Afro Celtic Sound System** le chéile ceol eitneach agus uirlisí na hAfraice, ceol leictreonach agus ceol traidisiúnta. Nascann **Salsa Celtica** Salsa Afra-Laidineach le ceol traidisiúnta na hÉireann agus na hAlban.

Beoga

Prelude Polka, Polca Pháidí Uimh. 2, Ríl Shruthán an Mhuilinn

Cúlra:

Cé go bhfuil a lán ceol gutha taobh istigh de réimse cheol traidisiúnta na hÉireann, is ceol damhsa is mó a luaitear leis an tseánra seo. Cibé áit ar cuireadh tús leo is poirt, rileanna, polcaí agus cornphíopaí is mó a fhaightear ag seisiún, feis nó céilí traidisiúnta ar bith. De réir mar a chuirtear na foinn ar aghaidh ó ghlúin go glúin "de réir cluaise" tá measarthacht saoirse ag seinnteoirí maidir le léiriú agus go háirithe ornáidíocht a úsáid.

Beoga:

Bunaíodh an grúpa Beoga sa bhliain 2002. Seachas Niamh Dunne ar an fhidil is as tuaisceart na hÉireann na baill uilig, Damian McKee – bosca ceoil, Liam Bradley – pianó agus and méarchlár, Seán Óg Graham – bosca ceoil agus giotár agus Eamon Murray – bodhrán. Is ceoltóirí traidisiúnta cumasacha iad uilig astu féin ach tá stíl shainiúil cruthaithe ag an bhanna as cumasc foinn thraidisiúnta Éireannacha agus tionchair éagsúla amhail, snagcheol, na gormacha, tango, bluegrass, rac agus popcheol. Seo an chéad traic as a n-albam ó 2014, *A Lovely Madness* agus, cé gur taifeadadh sa stiúideo é, tá iarracht ann aithris a dhéanamh ar an spontáineacht a tharlaíonn i seisiún beo nuair a sheinntear roinnt mhaith fonn gan sos.

Uirlisí Ceoil:

Is iad na huirlisí '"traidisiúnta" atá le fáil ar an traic seo an bodhrán, an fhidil agus an bosca ceoil ach tá uirlisí eile in úsáid nach bhfuil baint chomh soiléir sin leis an stíl seo acu (seinneann aoicheoltóirí cuid acu) amhail an pianó, an dordghiotár, an t-olldord, an sacsafón sopráin agu ciombail chomh maith le téadfhuaimeanna agus cnagfhuaimeanna sintéisithe.

Tréithe:

Séis: Tá *The Prelude Polka* sa mhód Aeólach gléasaistrithe go B n.b. gan an seachtach géaraithe – A# – tá difear idir an mód seo agus an gnáth-mhionscála.

Tá *Polca Pháidí Uimh. 2* i mórghléas A ach tá sé bunaithe go hiomlán ar an scála pheinteatonach (na 5 thuinairde E, F#,A, B, C#).

Tá *Ríl Shruthán an Mhuilinn* i mórghléas G agus an dara cuid ag úsáid sraith tuinairdí atá níos airde ná an chéad chuid – tréith atá coitianta i gceol traidisiúnta.

Rithim: Cuireann Beoga a lán éagsúlachta leis na rithimí rialta agus an fhrásáil a luaitear de ghnáth le foinn thraidisiúnta damhsa. Sioncóipiú go minic – an áit a gcuirtear béim ar bhuillí laga nó ar sheachbhuillí – sa tséis nó sa tionlacan atá rud beag cosúil le stíl "Bluegrass" Mheiriceá. Tá an leagan "Blues" de *Ríl Shruthán an Mhuilinn* (3.44) i rithim "luasctha" an áit a gcuirtear fad leis an chéad nóta de gach péire a fhágann gur cosúil é le camán/leathchamán taobh istigh de thrírín.

Amchomhartha: Tá na polcaí in am 2/4 agus rinneadh an ríl a nótáil san amchomhartha chéanna cé go bhfuil 2/2 níos coitianta, b'fhéidir.

Struchtúr: Tá gach ceann de na trí fhonn sa ghnáthfhoirm dhénártha i.e. tá dhá chuid ann a dhéantar a athsheinm: AABB.

Armóin: De ghnáth ní tréith thábhachtach de cheol traidisiúnta na hÉireann an armóin mar de ghnáth seinntear na foinn leis na huirlisí séise uilig le chéile. Ar na gnéithe is spéisiúla de chur chuige Beoga tá an éagsúlacht chordaí sa tionlacan: Tríchordaí móra agus tríchordaí miona móide cordaí séachbhreisithe agus cordaí seachtachbhreisithe ar minice a bhfaightear iad sa tsnagcheol agus i stíleanna eile móréilimh.

Anailís:

Am	Inneachar
	Intreoir
0.00	Aonréad bodhráin ina gcuirtear béim ar phatrún de 3+3+2 chamán a fuarthas ón *Tango* nó *Habanera.*
0.03	Tá rif ag an bhosca ceoil bunaithe ar airpéitse in B beag ag éirí agus ag titim a bhogann suas go D beag, F# beag agus G# beag.
	Prelude Polka
0.14	A An chéad chuid den pholca ar bhosca ceoil á tionlacan ag rithim an bhodhráin agus cordaí sioncóipithe pianó.
0.20	A Athsheinm an fhoinn agus sosanna sa phianó agus tríleach agus díchorda neamhghnách veidhlín.
0.26	B An dara cuid den pholca a thosaítear le D mór agus a fhilleann go B beag.
0.32	B
0.38	A Cuntrashéis ag éirí (B, D, E) ar an mhéarchlár agus an fhidil agus a rithiim 3+3+2 aiceanta ag ciombal crochta.
0.43	A Gan ach na chéad cheithre bharra á leanstan ag *ritardando.*
0.49	D Idircheol mór ar luas níos fadálaí ina bhfuil dísréad le haghaidh sacsafón sopráin agus fidle.
0.58	Airpéitsí breise pianó agus éifeacht ghlocainspíle ar an mhéarchlár.
1.08	A An polca ar ais agus ar an luas a bhí ann ar dtús.
1.14	A Bristear an fonn agus scála atá ag éirí ar an phianó.
1.20	B
1.26	B Éagsulacht sna tuinairdí/sa ton ar an bhodhrán sna barraí deireanacha.
	Polca Pháidí Uimh. 2
1.31	A An chéad chuid den pholca nua á sheinm ag an bhosca ceoil agus ar an fhidil le chéile le ostinato rithimeach ar mharacas. Tagann dordghiotár isteach le troitheán tonach agus ansin cuireann béim ar an dúnadh ag deireadh gach coda. Is féidir clogfheadáin a chloisteáil fosta.
1.37	A
1.43	B Tosaítear an dara cuid in F# beag ach filleann sé ar an tonach. Uigeacht ilfhónach a chruthaítear le hidiroibriú dhá bhosca ceoil.
1.49	B

Am	Innneachar
1.54	A Píosa ina bhfuil an dordghiotár sioncóipithe tábhachtach ag gluaiseacht i gcroisíní poncaithe in éadan bhuille rialta an chroisín.
2.00	A
2.06	B Mar 1.43
2.11	B
2.17	A Mar 1.54
2.23	A Scála síos sa dordghiotár agus sos don bhanna iomlán roimh an dá bharra dheireanacha.
2.29	B Mar 1.43
2.35	B
	Ríl Shruthán an Mhuilinn
2.40	AA Tús fonn nua (aoncheo bosca ceoil agus fidle) curtha in iúl le plimp ciombail.
2.48	Pointe ceannasach troitheáin le dord crómatach ar an athsheinm.
2.56	AA
3.04	Pointe ceannasach troitheáin agus scála síos sa dord ina dhiaidh.
3.12	AA
3.20	BB Pointe ceannasach troitheáin ina bhfuil ochtach ag titim. Corda sioncóipithe F# go díreach roimh athsheinm chuid A.
3.28	AA Cordaí sioncóipithe don bhanna iomlán sa 2ú agus sa 4ú barra.
3.36	BB Athrú tobann ar an luas dhá bharra roimh an deireadh. Tagann an t-olldord in áit an dordghiotáir ag seinm dord siúil ag úsaid “slap”. Rithim ostinato ar an chiombal troitheáin.
3.44	A Séis rile i rithim luasc-cheoil.
3.50	A Stíl cosúil leis na gormacha atá le fáil ag an fhidil, an sacsafón agus an pianó.
3.56	A Tobchumadh saor bunaithe ar chuid A de ríl.
4.08	BB An dara cuid de shéis ar an luas ghasta a bhí ann ar dtús.
4.16	AA
4.24	BB
4.32	AA Armóiní breise i dtréacha agus séacha comhthreomhara a chuireann an bosca ceoil agus an fhidil isteach sa dara cuid den A.
4.40	BB Bristear ó 2 bharra roimh an deireadh agus leantar leis an dara barra roimh an deireadh i seicheamh síos.
4.50	Fadú ar an chorda dheireanach sna gormacha – G7. Éifeacht Tremolando ar an bhosca ceoil agus ar an phianó, glissando síos ar an mhéarchlár.

Tuilleadh éisteachta:

Moxie: *Planted*
Beoga: *The Homestead Hero*

Grúpa Ceol Tíre Stonewall: Meascra Fífe – *The Boys of Belfast/The Girl I Left Behind*

Cúlra:

Tá stair thraidisiúin cheoil na hÉireann – go háirithe i dtuaiceart na hÉireann – casta agus doiléir agus mearbhlach. Tá an ríl i gcroílár dhamhsa agus sheisiúin na hÉireann ach is cosúil gur tháinig sí as Albain agus is cosúil gur as an Eoraip a tháinig an cornphíopa agus an polca. Faightear foinn a luaitear de ghnáth le traidisiun fífe na hUltaise i stór cheol traidisiúnta na hÉireann, e.g. an fonn a dtugann bannaí fífe na ndílseoirí *The Boyne Water* air atá chóir a bheith mar an gcéanna le *Rosc Catha na Mumhan* atá go cinnte ina fhonn náisiúnach. Tá fianaise ann fosta a thugann le fios gur úsaid Ord Ársa na nIbeirneach sa naoú céad déag agus go luath san fhichiú céad drumaí Lann Bheag – fuaim a shamhlaítear go dlúth le traidisiún na mbannaí fíf.

Stonewall:

Is ensemble ildánach é Grúpa Ceol Tíre Stonewall as Contae Ard Mhacha arb iad seo a leanas a bpríomhbhaill: Colin Slaine – treoirfhonnadóir, méarchlár, feadóg mhór agus bosca ceoil; Kenny Qua – feadóg mhór, fíf, feadóga agus giotár agus Andrew Cornett – drumaí, cnaguirlisí, fonnadóir. Is minic a thagann Warren Attwell, Caitriona Crimmins agus aoicheoltóirí éagsúla isteach sa ghrúpa. San albam s'acu a eisíodh in 2010, *Built in Belfast*, tá meascán d'fhoinn Éireannacha agus foinn Albanacha chomh maith le hamhráin nua a chum siad féin.

Uirlisí Ceoil:

Is iad an fhíf agus an druma Lann Bheag a thugann fuaim dá chuid féin don chineál ceoil atá acu. Is éard atá san fhíf fliúit bheag, gan eochair, a bhfuil fuaim ard ghéar léi agus ton polltach – cé nach bhfuil an fhuaim chomh géar leis an piccolo. Mar sin féin, ar an taifeadadh seo seinneann Kenny Qua an dá fhonn ar an fheadóg stáin.

Is éard atá i ndruma Lann Bheag blaosc mhór adhmaid le cinn de chraiceann gabhair ag gach taobh. Crochtar an druma thart ar mhuineál an tseinneadóra agus buailtear é le cánaí atá beagán cuartha. Socraítear patrúin éagsúla roimh ré agus tugann sin tionlacan rithimeach do shéiseanna na bhfífeadóirí. Úsáidtear an sreangdhruma agus an ciombal troitheáin fosta in *The Girl I Left Behind.*

Tréithe:

Séis: Dálta bhunús na bhfonn Éireannach agus Albanach ceapadh an dá shéis thart ar líon teoranta de thuinairdí lárnacha.

Tá *The Boys of Belfast* sa mhód mhicsilidiach ag tosú ar A. Go bunúsach is mórscála A é agus G nádúrtha ann in áit G géar. Tá sin coitianta i gceol na hAlban mar gurb é scála nádúrtha na píbe mála é. In amanna déantar an grúpa de cheithre chamán a inbhéartú agus tá cuma ar an dara cuid go bhfuil seicheamh síos ann.

Tá *The Girl I Left Behind* i mórghléas G agus tá an figiúr síos den oscailt inbhéartaithe sa dara cuid. Tá an tséis seo le fáil sa dara gluaiseacht de *An Irish Symphony* le Hamilton Harty (1879–1941). Tá claonadh ann fad a chur leis an chéad nóta de na grúpaí de cheithre chamán sa léiriú seo nó iad a phoncú. Déantar na bunséiseanna a ornáidiú trí chaisí, creimnótaí agus maisiúcháin thobanna eile a chur isteach. Tá sin ina chuid nádúrtha de thraidisiúin na hÉireann agus na hUltaise.

Amchomhartha: Tá an dá fhonn nótáilte in am 4/4 ach sa tseinm is dócha go bhfuil sé níos cosúla le 2/2.

Struchtúr: Sa dá shéis tá an ghnáthfhoirm A-A-B-B agus seinntear iad dhá uair. Is sampla é d'fhoirm dhénártha nó go dearfa d'fhoirm dhénártha shlánaithe mar sa dá phíosa i gcuid B tá tagairt don tséis ó chuid A.

Anailís:

Am	Inneachar
	The Boys of Belfast
0.00	A Séis ar an fheadóg stáin le tionlacan ostinato ar dhruma Lann Bheag ina bhfuil rithim phoncaithe agus seachbhuillí aiceanta.
0.08	A Tá an rithim phoncaithe i dtús na séise líonta amach le camáin.
0.16	B Tá nótaí maise sa chéad bharra agus sa bharra dheireanach den chuid seo.
0.24	B
0.32	A
0.40	A
0.48	B
0.56	B

Am	Inneachar
	The Girl I Left Behind
1.05	A Nóta maise curtha leis an chéad nóta den fhonn. Sreangdhruma ar an tríú buille de gach barra eile ón cheathrú barra den fhonn.
1.13	A
1.21	B
1.29	B Ritihim phoncaithe sa chéad bharra.
1.37	A Ciombal troitheáin curtha isteach.
1.45	A
1.53	B
2.01	B *Ritardando* agus sleamhnán ag an fheadóg stáin go dtí an nóta deireanach. Rollán druma sa bharra dheireanach.

Tuilleadh éisteachta:

Hamilton Harty – *An Irish Symphony* (an dara gluaiseacht)
Gary Hastings – *With Fife and Drum* (dlúthdhiosca leis)

© CCEA 2019